Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8489/26**

**LIMITE**

**RELEX 550**
**CFSP/PESC 565**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/921 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/921**
**maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána**
**chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/921[1] lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive.

(2) Cuireadh moill ar sheachadadh trealaimh áirithe chuig Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive agus ní chuirfear i gcrích é go dtí tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2023/921. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh 17 mí ón 31 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027 a chur leis an tréimhse sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/921 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

1 Cinneadh (CBES) 2023/921 ón gComhairle an 4 Bealtaine 2023 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive (IO L 119, 5.5.2023, lch. 173, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/921/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2023/921, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Mairfidh ré an bhirt cúnaimh go ceann 53 mhí ón dáta a thabharfar an chéad chonradh i gcrích idir an riarthóir um bearta cúnaimh, ag gníomhú dó ina cháil mar oifigeach údarúcháin, agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC